Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**9321/25**

**SOC 309**
**EMPL 198**
**AG 68**
**COH 79**
**SAN 246**
**GENDER 52**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le tacú le daoine scothaosta barr a gcumais a bhaint amach ar an margadh saothair agus sa tsochaí<br>- Formheas |

1. D'ullmhaigh an uachtaránacht tacar dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le tacú le daoine scothaosta barr a gcumais a bhaint amach ar an margadh saothair agus sa tsochaí.

2. Scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta na conclúidí an 7 Aibreán, an 5 Bealtaine agus an 26 Bealtaine 2025. Tar éis comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn, thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an téacs, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe na dréachtchonclúidí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí lena bhformheas ag an seisiún a bheidh aici an 19 Meitheamh 2025.

TACÚ LE DAOINE SCOTHAOSTA[1] CHUN A LÁNACMHAINN A BHAINT AMACH SA MHARGADH SAOTHAIR AGUS SA tSOCHAÍ

DRÉACHTCHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MEABHRÚ DI:

1. Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) ina sonraítear go n-oibreoidh an tAontas, i measc nithe eile, chun lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta a bhaint amach chun an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac agus go ndéanfaidh sé, i measc nithe eile, an ceartas sóisialta agus an chosaint shóisialta, an comhionannas idir mná agus fir agus an dlúthpháirtíocht idir na glúnta, chomh maith leis an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, a chur chun cinn. Airteagal 145 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ina gcuirtear i bhfios go láidir tiomantas an Aontais straitéis chomhordaithe don fhostaíocht a fhorbairt d'fhonn na cuspóirí a shainítear in Airteagal 3 CAE a bhaint amach, lena n-áirítear lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta.

2. Airteagal 159 CFAE lena gcuirtear de chúram ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a tharraingt suas chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an dul chun cinn atá déanta chun cuspóirí Airteagal 151 CFAE a bhaint amach, lena n-áirítear dlús a chur le fostaíocht, le dálaí maireachtála agus oibre, le cosaint chuí shóisialta agus le hacmhainní daonna a fhorbairt ar mhaithe le hardleibhéal marthanach fostaíochta agus leis an eisiamh a chomhrac.

[1] Chun críocha na gconclúidí seo, tagraíonn an téarma 'daoine scothaosta' do dhaoine atá 55 bliana d'aois nó níos sine.

Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 8 CFAE go mbeidh sé d'aidhm ag an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, neamhionannais idir fir a gus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh, agus sonraítear in Airteagal 10 CFAE, gurb é is aidhm don Aontas, agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, gach idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar aois agus ar mhíchumas, i measc nithe eile.

3. Airteagal 174 CFAE, ina sonraítear, ina bheartas comhtháthaithe eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, arb é is aidhm dó, *inter alia*, éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú, go dtabharfaidh an tAontas aird ar leith ar limistéir thuaithe, ar limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh agus ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu.

4. Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029 na Comhairle Eorpaí, lena socraítear ar an méid seo a leanas a dhéanamh: aghaidh a thabhairt, ar bhealach cuimsitheach, ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus ar a dtionchar ar an iomaíochas, ar an gcaipiteal daonna agus ar an gcomhionannas; a áirithiú go dtacóidh samhail eacnamaíoch agus córais leasa shóisialta na hEorpa le sochaí rathúil na fadsaolaí; agus infheistiú i bhforbairt scileanna na ndaoine agus ina gcuid oiliúna agus oideachais ar feadh a saoil agus soghluaisteacht tallainne a spreagadh san Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin.

5. Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, prionsabail an Cholúin sin, agus plean gníomhaíochta ábhartha an Choimisiúin ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht gach duine sa mhargadh saothair a mhéadú, lena n-áirítear daoine scothaosta, comhionannas deiseanna a áirithiú, foghlaim ar feadh an tsaoil, cáilíocht na hoibre agus cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn agus cuimsiú sóisialta a fheabhsú, agus ag an am céanna an bhochtaineacht a chosc agus sochair scoir leordhóthanacha a sholáthar i gcomhréir le ranníocaíochtaí roimh ré d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe ar mhaithe le baint amach phríomhspriocanna an Aontais agus na spriocanna náisiúnta do 2030 maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta.

6. Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ar páirtithe ann iad an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit. Ós rud é gur mó seans go mbeidh míchumas ar dhuine de réir mar a théann an duine sin in aois, tá sé ríthábhachtach deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht shóisialta agus eacnamaíoch do gach duine a mbaineann teorannú cumais dóibh, lena n-áirítear trí inrochtaineacht agus cóiríocht réasúnta a áirithiú, chun bearnaí eisiaimh, bochtaineachta agus fostaíochta idir daoine scothaosta agus an pobal i gcoitinne a laghdú.

7. Treoir 2000/78/CE ón gComhairle lena leagtar síos creat ginearálta chun idirdhealú ar fhorais aoise, reiligiúin nó creidimh, míchumais nó claonta ghnéasaigh a chomhrac i réimse na fostaíochta agus na slite beatha, d'fhonn prionsabal na córa comhionainne a chur i bhfeidhm sna Ballstáit. Leagtar béim léi freisin ar an ngá atá le haird ar leith a thabhairt ar thacaíocht a thabhairt d'oibrithe scothaosta chun a rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú.

8. Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slite beatha idir daoine gan beann ar aois, ná ar reiligiún nó creideamh, míchumas nó claonadh gnéasach.

9. Cinneadh 2024 ón gComhairle[2] maidir le treoirlínte le haghaidh beartais fostaíochta, go háirithe treoirlínte 6 agus 8, inar iarradh ar na Ballstáit féachaint le feabhas a chur ar an soláthar saothair agus ar an rochtain ar fhostaíocht agus ar shealbhú scileanna agus inniúlachtaí ar feadh an tsaoil, *inter alia*, trí chuimsitheacht agus forbairt caipitil dhaonna a fheabhsú, trí shealbhú scileanna agus inniúlachtaí ar feadh an tsaoil a chothú, chomh maith le comhdheiseanna do chách a chur chun cinn, *inter alia*, trí thacú le hathchóirithe pinsin trí bheartais lena gcuirtear aosú gníomhach folláin chun cinn agus lena gcuirtear síneadh leis an saol oibre.

10. Na tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa dar teideal: *Daoine scothaosta i saol na fostaíochta – na tosca sistéamacha a chuirtear san áireamh nuair is é is rogha le duine fanacht tamall eile i saol na hoibre*[3]*, Tionchar na déimeagrafaíochta ar an Eoraip Shóisialta*[4]*, Straitéis Eorpach i leith Daoine Scothaosta*[5]*,* agus *An dlúthpháirtíocht idir na glúnta a chur chun cinn san Eoraip – i dtreo cur chuige cothrománach AE*[6], lena leagtar béim ar an ngá atá le bearta comhordaithe ar fud réimsí éagsúla beartais phoiblí chun tacú le fostaíocht daoine scothaosta, agus ar thábhacht an idirphlé shóisialta sa réimse sin.

---

[2] Cinneadh (AE) 2024/3134 ón gComhairle an 2 Nollaig 2024 maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát.

[3] Tuairim ó CESE: *Daoine scothaosta i saol na fostaíochta – na tosca sistéamacha a chuirtear san áireamh nuair is é is rogha le duine fanacht tamall eile i saol na hoibre* (SOC/817 -2024), an 26 Feabhra 2025.

[4] Tuairim ó CESE: *Tionchar na Déimeagrafaíochta ar an Eoraip Shóisialta*, SOC 796, 18 **Meán Fómhair** 2024.

[5] Tuairim ó CESE: *Straitéis Eorpach i leith Daoine Scothaosta* (2023/C 349/06), an 12 Iúil 2023.

[6] Tuairim ó CESE: *An dlúthpháirtíocht idir na glúnta a chur chun cinn san Eoraip – i dtreo cur chuige cothrománach AE*, (IO C, C/2024/6869), an 28 Samhain 2024.

11. *Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, 2021-2030*[7], straitéis de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ina ndearbhaítear nach mór aird ar leith a thabhairt ar dhaoine scothaosta faoi mhíchumas chun a rannpháirtíocht sa tsochaí agus sa mhargadh saothair a áirithiú.

12. An teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta*[8] agus an teachtaireacht uaidh maidir leis an *Straitéis Eorpach um chúram*, ina maítear gur féidir le beartais maidir le haosú gníomhach, dálaí oibre cuibhiúla saincheaptha chomh maith le luath-idirghabháil, cur chun cinn na sláinte agus cosc galar, gur féidir leis an méid sin a chur ar chumas na nglúnta scothaosta síneadh a chur lena saol oibre ar bhonn deonach agus cuidiú chun saol neamhspleách, sláintiúil agus gníomhach a áirithiú ar feadh seal is faide, agus moill a chur ar thús na riachtanas cúraim.[9] Ina theannta sin, is féidir le saol oibre níos faide deis a thabhairt do dhaoine scileanna a thabhairt cothrom le dáta ar an láthair oibre agus leanúint de bheith gníomhach, rud a chabhraíonn le fostóirí an fhoireann a choinneáil agus a chuireann aistrithe eolais chun cinn san fhórsa saothair ilghlúine[10].

13. Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas[11], ina leagtar béim ar an ngá atá le daoine scothaosta a choinneáil gníomhach mar bhealach chun ganntanais saothair agus scileanna a ghleic.

14. Na conclúidí ón gComhairle maidir le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas, ina gcuirtear i dtreis a thábhachtaí atá socruithe solúbtha oibre, deiseanna fostaíochta uilechuimsitheacha, dálaí oibre córa, agus oiliúint agus forbairt scileanna ar mhaithe le hoibrithe a choinneáil agus tuilleadh daoine a mhealladh chuig an margadh saothair ar bhealach inbhuanaithe agus chun a áirithiú gur fearr a bheifear in ann freagrachtaí cúraim agus obair ar íocaíocht a thabhairt le chéile, go háirithe trí rochtain ar chúram ardcháilíochta a

[7] An Coimisiún Eorpach, DG EMPL, 2021, https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/3e1e2228-7c97-11eb-9ac9-01aa75ed71a1/language-en

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta, COM(2023) 577 final, an Bhruiséil, 11.10.2023

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir leis an straitéis Eorpach um chúram, COM(2022) 440 final, an Bhruiséil, 7.9.2022.

[10] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta, COM(2023) 577 final lch. 13

[11] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Ganntanais saothair agus scileanna san Aontas Eorpach: plean gníomhaíochta, COM(2024) 131 final, an Bhruiséil, 20.3.2024

áirithiú, mar shampla cúram leanaí agus seirbhísí cúraim do dhaoine scothaosta, d'fhonn comhionannas inscne a chothú agus aghaidh a thabhairt ar chomhroinnt mhíchothrom na hoibre cúraim gan íocaíocht agus na hoibre tí idir mná agus fir.

Ina theannta sin, cuirtear i bhfios go láidir iontu gur cheart bearta spriocdhírithe a cheapadh chun tacú le hoibrithe agus iarrtar ar na Ballstáit riachtanais shonracha oibrithe scothaosta a mheas a thuilleadh agus aghaidh a thabhairt orthu, chun bacainní ar fhostaíocht a laghdú agus chun cur ar a gcumas fanacht sa mhargadh saothair ar feadh tréimhse níos faide agus iad i ndea-shláinte nó filleadh ar an obair[12].

15. An Páipéar Uaine ón gCoimisiún Eorpach maidir le haosú ina luaitear, i measc nithe eile, go bhfuil rath na sochaí atá ag dul in aois bunaithe ar aosú sláintiúil gníomhach, rochtain ar chúram sláinte ar ardchaighdeán agus ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil[13], agus ina luaitear freisin, cé gur inniúlacht de chuid na mBallstát é déileáil le héifeachtaí an aosaithe den chuid is mó, gur maith atá an tAontas in ann saincheisteanna agus treochtaí lárnacha a shainaithint agus a anailísiú, malartú dea-chleachtas a éascú agus tacú le gníomhaíocht maidir le haosú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Is féidir leis cuidiú leis na Ballstáit agus leis na réigiúin freagraí beartais ar an aosú a shaincheapadh de réir a riachtanas féin.

16. Tuarascáil 2024 ón gCoimisiún Eorpach agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta ar leordhóthanacht pinsean, ina luaitear go bhfuil margaí saothair cuimsitheacha láidre ríthábhachtach chun go mbeidh pinsin leordhóthanacha ann i gcónaí i sochaí atá ag dul in aois, agus ina n-iarrtar tuilleadh iarrachtaí chun slándáil chothrom scoir a áirithiú do chách, lena n-áirítear beartais chun tionchar na bhfreagrachtaí cúraim a mhaolú, agus gairmeacha níos faide a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dhreasachtaí dearfacha agus conairí scoir solúbtha, agus an bhearna phinsin idir na hinscní á laghdú ag an am céanna, agus ina léirítear gur spriocanna iad leordhóthanacht pinsean agus an inbhuanaitheacht fhioscach atá nasctha go dlúth le chéile, rud a fhágann gur gá freagairt chomhtháite a thabhairt ar dhúshlán an aosaithe.[14]

---

[12] Na Conclúidí ón gComhairle maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: acmhainneacht neamhshaothraithe a shlógadh san Aontas Eorpach, a ghlac an Chomhairle (EPSCO) an 2 Nollaig 2024.

[13] An Páipéar Uaine maidir le haosú dar teideal *Fostering solidarity and responsibility between generations* [Dlúthpháirtíocht agus freagracht a chothú idir na glúnta], an Coimisiún Eorpach, COM (2021) 50 final, an Bhruiséil, 27.1.2021

[14] *The 2024 Pension Adequacy Report – Current and future income adequacy in old age in the EU* [Tuarascáil 2024 ar leordhóthanacht pinsean – Leordhóthanacht ioncaim seanaoise san Aontas faoi láthair agus amach anseo]. *Imleabhar II*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024,https://data.europa.eu/doi/10.2767/909323, lgh. 12-13. Conclúidí ón gComhairle an 20 Meitheamh 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean (11398/24).

17. An páipéar conclúide ón nGrúpa Ardleibhéil um neamh-idirdhealú, comhionannas agus éagsúlacht dar teideal *Age equality and non-discrimination on the grounds of age* [Comhionannas aoise agus neamh-idirdhealú ar fhorais aoise][15] lena dtugtar aghaidh ar thionchar an idirdhealaithe ar fhorais aoise agus aoiseachais, agus ina leagtar amach creataí ábhartha dlíthiúla agus beartais chomh maith le dúshláin nithiúla agus freagairtí beartais arna gcur chun feidhme ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta.

18. Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2021-2027[16], ina luaitear, de réir mar a théann oibrithe in aois, gur gá an timpeallacht oibre agus na cúraimí oibre a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha agus na rioscaí a íoslaghdú.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH AICI:

19. Tá an t-aosú déimeagrafach ar cheann de na dúshláin struchtúracha atá roimh an iomaíochas agus roimh an bhfás i mBallstáit an Aontais. De réir shonraí Eurostat, bhí 21.6 % de dhaonra an Aontais 65 bliana d’aois nó níos sine in 2024, agus meastar go méadóidh an cion sin go 30 % faoi 2060. Sa tréimhse chéanna, meastar go dtitfidh an sciar den daonra atá idir 15 agus 64 bliana d’aois ó 63.8 % go 56.6 %.[17] Tháinig méadú ar mheánaois an daonra ó 39 mbliana go 44.5 bliain idir 2002 agus 2023, agus 48.8 bliain a bheidh sa mheánaois faoi 2060.[18] Tá laghdú ag teacht ar an sciar de dhaonra an Aontais atá in aois oibre, agus tá méadú ag teacht ar chion na ndaoine atá ar scor, agus mar thoradh air sin, meastar go dtiocfaidh méadú seasta ar an gcóimheas cleithiúnais ó 33.9 % in 2024 go 59.7 % in 2100[19]. In AE27 in 2022, daoine faoi mhíchumas a bhí in 18.7 % de dhaoine idir 16-64 bliana d’aois agus in 52.2 % díobh siúd a bhí 65 bliana d’aois nó níos sine. Dá bhrí sin, tá dúshláin nua roimh lucht ceaptha beartas maidir le dálaí maireachtála agus oibre, cosaint shóisialta agus rochtain ar sheirbhísí cúraim.

---

[15] *Age equality and non-discrimination on the grounds of age* [Comhionannas aoise agus neamh-idirdhealú ar fhorais aoise], Páipéar conclúide ón nGrúpa Ardleibhéil um neamh-idirdhealú, comhionannas agus éagsúlacht, an Coimisiún Eorpach, an 1 Nollaig 2024, Líonra saineolaithe i réimse an fhrith-idirdhealaithe – An Coimisiún Eorpach, https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/combatting-discrimination/tackling-discrimination/network-experts-field-anti-discrimination_en.

[16] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU strategic framework on health and safety at work 2021-2027 Occupational safety and health in a changing world of work* [Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027], COM(2021) 323 final, an Bhruiséil, 28.6.2021.

[17] Eurostat: demo_pjan, proj_23np (sonraí asbhainte an 17.2.2025).

[18] Eurostat: proj_23ndbi (sonraí asbhainte an 17.2.2025).

[19] *Population Structure and Ageing: Statistics Explained* [Struchtúr agus aosú an daonra: Míniú ar Staitisticí], Eurostat, Feabhra 2025, https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Population_structure_and_ageing.

Chun deiseanna gníomhaíochta eacnamaíche do dhaoine scothaosta a chur chun cinn, tá gá le smaointeoireacht nua ar leibhéal na gcuideachtaí, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal earnála, ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais. Tá gá le cineálacha nuálacha cur chuige maidir le dálaí oibre agus conairí gairme a chuirfidh ar chumas daoine scothaosta a sláinte coirp agus a meabhairshláinte a choinneáil, agus scileanna, inspreagadh agus táirgiúlacht á bhforbairt acu, ar feadh saol fadaithe oibre.[20] Tá gá le cineálacha nuálacha cur chuige freisin le haghaidh áiteanna oibre inoiriúnaithe agus inrochtana d'oibrithe scothaosta.

20. Ós rud é go bhfuil níos mó daoine ná riamh ag maireachtáil níos faide agus an tsláinte go maith acu, d'fhéadfaidís fanacht gníomhach go heacnamaíoch agus go sóisialta tar éis dóibh dul ar scor trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sóisialta. De bharr na ndálaí nua sin, tá athrú ag teacht ar an mbealach a mbreathnaímid ar an bhfad saoil, agus is léir an rannchuidiú tábhachtach a dhéanann daoine scothaosta leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar trí ghníomhaíocht eacnamaíoch fhada, rannpháirtíocht shóisialta agus obair dheonach a dhéanamh, chomh maith leis an bhfoghlaim agus an comhtháthú idirghlúine[21].

21. Mar thoradh ar an mbearna phinsin idir na hinscní, is lú an tslándáil airgeadais a bhíonn ag mná ná mar a bhíonn ag fir sa tseanaois. Is dóichí go dtuillfidh mná ioncam níos ísle ná fir, ós rud é go n-oibríonn siad níos minice in earnálacha agus i bpoist a mbaineann pá níos ísle leo, agus ós rud é go ndéanann siad a bpatrúin oibre a oiriúnú chun freagrachtaí cúraim a ghlacadh orthu féin ar feadh a saoil toisc go ndéanann siad formhór na hoibre cúraim gan phá agus formhór na gcúraimí tí. Dá bhrí sin, is mó seans go mbeidh siad ag gabháil d'fhostaíocht neamhrialta nó d'fhostaíocht neamhfhoirmiúil, fiú, ná fir. Fágann na tosca sin uile, mar aon le sosanna fada san fhostaíocht, pá níos ísle agus gairmeacha níos giorra, go laghdaítear ranníocaíochtaí pinsin na mban agus na sochair a fhabhraíonn siad. Mar sin féin, tá cásanna ann, cuir i gcás an fhéinfhostaíocht, a mbíonn fir ag gabháil di ar bhonn níos coitianta, a d'fhéadfadh dúshlán níos mó a bheith ag baint leo maidir le rochtain a fháil ar phinsin ná mar atá i gcás oibrithe sa chaidreamh fostaíochta traidisiúnta[22]. Is féidir cuidiú le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin trí bheartais atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna sistéamacha a bhaineann leis an mbearna phá idir na hinscní, ar dheiseanna eacnamaíocha níos fearr a chur ar fáil ar feadh an tsaoil, agus ar rochtain ar chosaint shóisialta agus ar sheirbhísí cúraim a fheabhsú. Is féidir le síntí deonacha ar ghníomhaíocht eacnamaíoch ioncam breise a chur ar fáil do dhaoine scothaosta.

---

[20] Eiffe, F.F. et al. (2024), 'Keeping older workers engaged: Policies, practices and mechanisms', Páipéar Oibre Eurofound WPEF24030, 2024, https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/2024-02/wpef24030.pdf

[21] An Páipéar Uaine maidir le haosú dar teideal *Fostering solidarity and responsibility between generations* [Dlúthpháirtíocht agus freagracht a chothú idir na glúnta], an Coimisiún Eorpach, COM (2021) 50 final, an Bhruiséil, 27.1.2021.

[22] An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú agus an Coiste um Chosaint Shóisialta, *The 2024 pension adequacy report – Current and future income adequacy in old age in the EU* [Tuarascáil 2024 ar leordhóthanacht pinsean – Leordhóthanacht ioncaim san Aontas faoi láthair agus amach anseo]. *Imleabhar II*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, lch. 240, https://data.europa.eu/doi/10.2767/550848

22. D'fhéadfadh 'glúin an dá chúram'[23], *i.e.* daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu i dtaobh leanaí agus baill teaghlaigh scothaosta ag an am céanna, d'fhéadfadh na daoine sin a bheith i mbaol struis fhisiciúil agus mheabhraigh, rud a d'fhéadfadh a fhágáil nach gcomhlíonfaidís a n-acmhainn eacnamaíoch agus shóisialta, agus go n-ísleofaí cáilíocht an chúraim atá siad in ann a sholáthar. Tá rochtain ar oideachas agus cúram luath-óige ardcháilíochta, saoire tuismitheora íoctha agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ardcháilíochta ríthábhachtach chun comhionannas inscne, gníomhaíocht eacnamaíoch agus cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn. Ós rud é go laghdaíonn an t-aosú gníomhach sláintiúil an gá atá ag daoine scothaosta le cúram, bíonn tionchar dearfach sineirgeach ag a chur chun cinn ar fholláine coirp agus mheabhrach na nglún scothaosta agus ghlúnta 'an dá chúram' araon.

23. Tá bearta rathúla chun gníomhaíocht eacnamaíoch oibrithe scothaosta a leathnú go deonach ag brath ar shláinte na n-oibrithe sin, rud a bhaineann le stíl mhaireachtála agus dálaí socheacnamaíocha chomh maith le cáilíocht na hoibre agus an timpeallacht oibre, go háirithe a dhéine atá poist éagsúla ó thaobh an ualaigh fhisiciúil agus mheabhraigh de. Chun barrfheabhas a bhaint amach i dtaca le dálaí sláinte daoine scothaosta, éileofar cúram sláinte coisctheach íceach ar bhonn marthanach cuimsitheach, a chuirfear in oiriúint do riachtanais shonracha agus d'fhadhbanna sláinte na mban agus na bhfear araon, mar aon le bearta leordhóthanacha tacaíochta agus sláinte agus sábháilteachta ag an obair.

24. Ní mór cuir chuige nua a bheith ann maidir le fostaíocht agus beartas sóisialta mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar líon na ndaoine scothaosta sa saol digiteach atá ag forbairt go tapa. D'fhéadfadh athruithe ar struchtúr teaghlach, agus forbairt na meán digiteach, lena n-áirítear na meáin shóisialta agus bealaí nua cianchumarsáide, mar aon leis an gcianobair, cur leis an leithlisiú agus leis an uaigneas a bhraitear, cé go bhféadfadh an digitiú cuidiú le nascacht níos fearr freisin. I gcás na glúine is sine, is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar na hathruithe sin meath níos gasta ar a sláinte agus a neamhspleáchas[24], easpa tacaíochta ó thaobh riachtanais chúraim de agus méadú ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta.[25] Ní mór freagairt bheartais iomchuí a thabhairt ar na saincheisteanna sin go léir.

---

[23]Conclúidí ón gComhairle an 2 Nollaig 2024 maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus comhionannas inscne a áirithiú do gach glúin i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach (16065/24), lch. 10.

[24]Sylke, V. et al. (2024), 'Loneliness in Europe: Determinants, Risks and Interventions', *Population Economics*, Cham, Springer. ISSN 1431-6978, https://link.springer.com/book/10.1007/978-3-031-66582-0

[25]Mahoney, J. et al. (2024), 'Measuring social connectedness in OECD countries: A scoping review', Páipéir ECFE ar Fholláine agus ar Éagothromaíochtaí, Uimh. 28, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/f758bd20-en

25. Ba cheart go gcuideodh beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, i gcomhréir leis an straitéis uileghabhálach a beartaíodh le déanaí dar teideal *Aontas na Scileanna*[26] agus an *Plean Gníomhaíochta maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas*[27], ba cheart go gcuideoidís le daoine a choinneáil agus a lánpháirtiú sa mhargadh saothair agus le haistrithe ó phost go post a éascú chun go n-áiritheofar go mbainfear leas iomlán as acmhainn, taithí agus eolas an daonra atá in aois oibre, oibrithe scothaosta san áireamh. Ina theannta sin, trí rochtain fheabhsaithe ar uas-sciliú agus athsciliú saincheaptha, aitheantas scileanna mar aon le poist ardcháilíochta agus cóiríocht níos solúbtha agus níos oiriúnaithe san ionad oibre, is féidir tionchar dearfach a imirt ar na cinntí a dhéanann daoine scothaosta maidir le leanúint de bheith gníomhach ó thaobh an gheilleagair de. Ba cheart ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú i ndáil leis sin.

26. Tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún Eorpach *Straitéis maidir le Cothroime Idirghlúine* a fhorbairt chun *a leagan amach conas is féidir an chumarsáid idir na glúnta a neartú agus chun a áirithiú go n-urramófar leasanna na nglúnta atá ann anois agus na nglúnta a thiocfaidh ina ndiaidh agus beartais agus an reachtaíocht á gceapadh*[28].

27. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar rannchuidiú daoine scothaosta san ionad oibre, áit ar féidir dinimiceas, nuálaíocht agus comhar idirghlúine a chothú trí fhoghlaim fhrithpháirteach, comhroinnt eolais agus cuir chuige éagsúla; i dteaghlaigh, mar a bhféadfadh daoine scothaosta cúram fadtéarmach neamhfhoirmiúil a thabhairt go deonach mar chomhlánú ar sheirbhísí cúraim fhoirmiúil, agus cuidiú le tuismitheoirí óga a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu; agus sa tsochaí agus i bpobail áitiúla, áit ar féidir le daoine scothaosta deighiltí idirghlúine a dhúnadh, cultúr, luachanna agus noirm shóisialta a chur in iúl do na glúnta óga, comhbhá agus comhthuiscint a chothú, agus sochaí níos comhtháite agus níos cuimsithí a chur chun cinn.

---

[26] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Aontas na Scileanna, COM(2025) 90 final, an Bhruiséil, 5.3.2025.

[27] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Ganntanais saothair agus scileanna san Aontas Eorpach: plean gníomhaíochta, COM(2024) 131 final, an Bhruiséil, an 20.3.2024.

[28] Litir mhisin ó Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, chuig Glenn Micaleff, an Coimisinéir um Chothroime Idirghlúine, an Óige, Cultúr agus Spórt, an Bhruiséil, an 1 Nollaig 2024.

28. Léirigh toradh an phlé a tionscnaíodh faoi Uachtaránacht na Polainne i bhfóraim éagsúla (comhdháil aireachta in Gdańsk, Comhairle EPSCO, cruinniú neamhfhoirmiúil den Choiste um Chosaint Shóisialta) gurb é pacáiste cuimsitheach beartais an bealach is éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le scód a ligean le hacmhainn eacnamaíoch daoine scothaosta. Ba cheart beartais shonracha a áireamh sa phacáiste sin agus an comhthéacs náisiúnta a chur san áireamh. D'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh ar na príomhréimsí: dreasacht a thabhairt chun go leanfaidh daoine scothaosta de ghníomhaíocht ghairmiúil dá ndeoin féin; socruithe solúbtha oibre a chur chun cinn agus áiteanna oibre agus dálaí oibre a choigeartú; beartas i gcoinne an idirdhealaithe; oiliúint spriocdhírithe chuimsitheach; beartais sláinte choisctheacha; tacaíocht spriocdhírithe ó na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta; gníomhaíochtaí comhpháirtithe sóisialta; beartais agus cleachtais chuideachta; cúram agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a fheabhsú; agus bainistiú aoise san ionad oibre agus bainistiú sláinte coiscteach. Ina theannta sin, tá gá le hathrú meoin chun aitheantas sochaíoch a chothú maidir le rannchuidiú luachmhar daoine scothaosta leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch.

29. Inniúlachtaí na mBallstát agus an Aontais faoi Theidil IX agus X CFAE faoi seach, chomh maith le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus an obair leanúnach chun athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta in 2025[29].

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí atá acu faoi seach, an méid seo a leanas a dhéanamh:

30. I bPlean Gníomhaíochta nua Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ar na bacáin, féachaint ar conas beartais maidir le haosú gníomhach a chur chun cinn go héifeachtach, ar beartais iad ina moltar d'Eorpaigh scothaosta leanúint lena saol oibre dá ndeoin féin, agus ar conas deiseanna a chur chun cinn le haghaidh fás eacnamaíoch agus cruthú post a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar fhorbairt 'geilleagar na ndaoine scothaosta'. D'fhéadfadh sé sin cabhrú le héifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus iomaíochas an Aontais a neartú, rud a áiritheodh leordhóthanacht na cosanta sóisialta, agus a chuirfeadh cothroime agus dlúthpháirtíocht idirghlúine chun cinn.

[29] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, an Coimisiún Eorpach, an Bhruiséil, 4.3.2021, COM(2021) 102 (final), lch. 41.

31. An t-aoiseachas agus steiréitíopaí diúltacha a chomhrac i ngach cuid den tsochaí i ndáil le daoine scothaosta i gcoitinne agus oibrithe scothaosta go háirithe, trí fheasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht agus an breisluach a chuireann rannpháirtíocht ghníomhach daoine scothaosta leis an ngeilleagar, an teaghlach agus an pobal. Baineann sin le dearcthaí dearfacha a chothú i measc daoine scothaosta maidir leis an ról atá acu sa gheilleagar agus sa tsochaí freisin, agus béim ar leith á leagan ar na tairbhí a bhaineann le leanúint den saol oibre, agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh phobail. Ba cheart ilchineálacht daoine scothaosta mar ghrúpa a chur san áireamh i ngníomhaíochtaí beartais sa treo sin.

32. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh mhná scothaosta agus beartais a chur chun cinn lena n-áirithítear go mbeidh deiseanna agus tacaíocht ar fáil dá rannpháirtíocht ghníomhach sa lucht saothair, do dhul chun cinn gairme, do thuilleamh saoil, agus go mbeidh ioncam acu nuair a rachaidh siad ar scor. Ba cheart sciar díréireach na bhfreagrachtaí cúraim a bhíonn ar mhná a chur san áireamh sna beartais, go háirithe, agus ba cheart comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim a chothú idir mná agus fir.

33. Iarrachtaí a neartú chun aosú sláintiúil gníomhach a chur chun cinn agus aird á tabhairt ar an tionchar a bhíonn ag stíl mhaireachtála shláintiúil, ag gníomhaíochtaí nach mbaineann leis an obair, agus ag naisc shóisialta ar an neamhspleáchas, ar an bhfolláine intinne agus coirp agus ar mhaireachtáil faoi dhínit le linn bhlianta na seanaoise. Ba cheart bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir, agus le linn phróiseas an aosaithe, go mór mór trí theagmháil a dhéanamh leo siúd atá sna dálaí agus sna cásanna is leochailí.

34. Aird a tharraingt, sna Tuarascálacha Comhpháirteacha ar Fhostaíocht atá ar na bacáin agus i ndoiciméid ábhartha eile, ar bheartais lena spreagtar daoine scothaosta chun síneadh a chur lena ngníomhaíocht ghairmiúil agus eacnamaíoch.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

35. Aird chuí a thabhairt ar a thábhachtaí atá sé an ghníomhaíocht eacnamaíoch dheonach a dhéanann daoine scothaosta a choinneáil ar bun agus síneadh a chur léi agus, i gcás inarb iomchuí, féachaint an bhféadfaí spriocanna sonracha gníomhaíochta eacnamaíche a ghlacadh do dhaoine scothaosta, agus a dtúsphointe agus a gcúinsí náisiúnta faoi seach á gcur san áireamh.

36. Rannpháirtíocht eacnamaíoch agus shóisialta dheonach fhadtréimhseach daoine scothaosta a chur chun cinn trí idirphlé sóisialta agus trí chur chuige cuimsitheach beartais lena gcomhtháthaítear bearta sna príomhréimsí beartais, lena n-áirítear an rannpháirtíocht shóisialta, an fhostaíocht, an tsábháilteacht agus an tsláinte ceirde, scileanna, dálaí oibre, an chothromaíocht oibre is saoil, comhdheiseanna, foghlaim agus oiliúint ar feadh an tsaoil, an fhiontraíocht, teicneolaíochtaí digiteacha agus teicneolaíochtaí atá bunaithe ar an intleacht shaorga, an cúram sláinte agus an cúram fadtéarmach, agus an chosaint shóisialta. Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit beartais ábhartha a cheapadh ina gcuimsítear go cuí riachtanais shonracha daoine scothaosta, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, agus inrochtaineacht a áirithiú i dtaobh gnéithe meabhracha, intleachtúla, lena n-áirítear gnéithe cognaíocha nó céadfacha, fisiciúla agus eagraíochtúla. Ba cheart imthosca aonair a mheas, ionas go gcuirfear san áireamh, sa chóras dreasachtaí chun síneadh a chur leis an saol oibre ar bhonn deonach, riachtanais, mianta agus cumais éagsúla daoine scothaosta, lena n-áirítear baill de ghrúpaí gairme éagsúla, agus aird ar leith á tabhairt ar oibrithe láimhe, agus orthu siúd atá ag obair faoi dhálaí diana nó crua nó in earnálacha atá ag meath agus ag athrú ó bhonn.

37. Litearthacht dhigiteach, scileanna digiteacha agus cuimsiú digiteach a chur chun cinn agus a áirithiú go rachaidh an claochlú digiteach chun tairbhe na saoránach uile, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais daoine scothaosta. Tá cur chuige atá dírithe ar na saoránaigh, maidir le dearadh soláimhsithe agus saor ó bhacainní lena bhfreastalaítear ar riachtanais daoine scothaosta, ríthábhachtach chun an t-eisiamh digiteach a chomhrac, an deighilt dhigiteach a laghdú agus dul i ngleic leis an bhfadhb maidir le glacadh íseal tairbhithe féideartha le teicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe daoine scothaosta.

38. Soláthar seirbhísí tacaíochta a chomhtháthú, i gcás inar féidir, ar gach leibhéal agus i ngach earnáil den riarachán rialtais agus de na húdaráis áitiúla, agus i measc na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-eintiteas neamhrialtasacha ábhartha eile, agus feabhas á chur ag an am céanna ar an gcomhar príobháideach poiblí, ionas go rachaidh sé chun tairbhe go héifeachtach do dhaoine scothaosta ó thaobh riachtanas, tráthúlachta, saoráide agus roghnaíochta de. Idirphlé le páirtithe leasmhara a fhorbairt maidir le pacáistiú cuimsitheach beartais agus seachadadh comhtháite beartais trí dhlúth-chomhpháirtíochtaí a bhunú le ceardchumainn, fostóirí, gnólachtaí agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta ag gach céim d’fhorbairt, achtú agus cur chun feidhme beartais.

39. Bainistiú aoise na n-acmhainní daonna i ndáil le fostóirí agus oibrithe a chur chun cinn, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, trína bhfeasacht ar na tairbhí atá i gceist leis an gcur chuige feadh an tsaoil maidir le hoibrithe a fhostú, oiliúint chur orthu, iad a choinneáil agus a ath-imeascadh agus tríd an leas is fearr a bhaint as acmhainn daoine scothaosta, lena n-áirítear trína spreagadh chun a saineolas gairmiúil agus fiontraíochta a thabhairt ar aghaidh do na glúnta óga, i measc rudaí eile. Fostóirí a dhreasú chun leas a bhaint as acmhainn cuardaitheoirí poist agus daoine neamhghníomhacha scothaosta. Ba cheart a aithint go bhfuil sé indéanta agus tairbheach infheistíocht a dhéanamh in uas-sciliú agus athsciliú, in oiriúnuithe san ionad oibre, agus sa tsábháilteacht agus sa tsláinte ceirde atá curtha in oiriúint do riachtanais oibrithe scothaosta.

40. Dlús a chur leis na hiarrachtaí, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, réitigh a thabhairt isteach chun daoine scothaosta a spreagadh chun fanacht sa mhargadh saothair ar bhonn deonach, lena n-áirítear tar éis dóibh aois an scoir a shlánú, i gcomhréir leis na moltaí tírshonracha ábhartha ón Seimeastar Eorpach, trí luathscor a dhíspreagadh i gcás inarb iomchuí, dreasachtaí éifeachtacha a chur chun feidhme le haghaidh saol oibre níos faide ar bhonn deonach, ligean do dhaoine sochair phinsin a chomhcheangal le hioncam ón obair agus conairí solúbtha scoir a chur chun cinn, i measc rudaí eile.

41. Malartú dea-chleachtas a chur chun cinn, lena n-áirítear sa Ghrúpa Ardleibhéil um Neamh-Idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht, chun bearta náisiúnta níos éifeachtaí a chothú, lena n-áirítear straitéisí agus pleananna gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an gcomhionannas aoise.

42. I gcomhréir leis na cleachtais riaracháin náisiúnta, céimeanna iomchuí a thabhairt chun bailiú sonraí maidir le comhionannas a chur chun cinn, lena n-áirítear sonraí atá imdhealaithe de réir inscne agus aoise, chun neamhionannas aoise agus idirdhealú aoise a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos fearr.

IARRANN SÍ AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

43. Ar bhonn na taithí fairsinge atá acu sa réimse seo, tacú le malartú dea-chleachtas maidir le hacmhainn eacnamaíoch agus shóisialta daoine scothaosta a thuiscint agus leas a bhaint as an acmhainn sin agus machnamh a dhéanamh ar na torthaí faoi seach sa phlé, sa tuairisciú agus sna gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí atá ar bun cheana.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

44. Acmhainn eacnamaíoch agus shóisialta daoine scothaosta a chur san áireamh, agus béim á leagan ar dhearcthaí straitéiseacha, dála ionchas saoil, tosca socheacnamaíocha neamhionannais, lena n-áirítear bearnaí pinsin, riochtaí sláinte, teicneolaíochtaí cumasúcháin agus inrochtana atá ag teacht chun cinn, agus athruithe sa mhargadh saothair. Ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar an dearcadh a bhaineann le sochaí atá ag dul in aois, ina ndírítear ní hamháin ar na costais agus ar na dúshláin ach ar na tairbhí a d’fhéadfadh a bheith ann chomh maith.

45. Cineálacha malartaithe faisnéise agus deiseanna foghlama a chur ar fáil maidir le cleachtais a d’fhéadfadh a chur ar chumas daoine scothaosta fanacht sa mhargadh saothair, lucht saothair aoischuimsitheach a chur chun cinn, an fhiontraíocht a chothú, lena n-áirítear an fhiontraíocht shóisialta, agus obair tar éis aois an scoir a spreagadh, chomh maith le gníomhaíochtaí atá dírithe ar ghníomhaíocht shóisialta a spreagadh agus ar ghníomhú in aghaidh an uaignis, mar ghnéithe chun tacú le haosú gníomhach folláin agus le rochtain ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán.

46. Steiréitíopaí a chomhrac, agus íomhá dhearfach den fhad saoil a chur chun cinn ina bhfeachtais ábhartha múscailte feasachta. Saoránaigh an Aontais a spreagadh chun ullmhú don fhad saoil trí litearthacht fad saoil a fhorbairt chun gur féidir leo ullmhú don am atá le teacht.

47. Borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí agus feasacht a mhúscailt maidir le haosú sláintiúil gníomhach, ní hamháin i measc daoine scothaosta ach ar fud na sochaí freisin, poist ardcháilíochta, dálaí oibre cothroma cuibhiúla le linn an tsaoil oibre, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn ag stíl mhaireachtála shláintiúil, cothromaíocht oibre is saoil do mhná agus d'fhir, gníomhaíochtaí nach mbaineann leis an obair agus naisc shóisialta ar shaol neamhspleách faoi dhínit a choinneáil sa tseanaois, agus gnéithe éagsúla den saol á gcur san áireamh, an t-aoiseachas a chomhrac, lena n-áirítear aon idirdhealú i gcoinne daoine scothaosta, agus rochtain á fáil acu ar a gcearta agus rannpháirtíocht iomlán sa saol sóisialta, cultúrtha, polaitiúil agus eacnamaíoch a áirithiú.

48. A áirithiú, faoi chuimsiú na hoibre cuimsithí atá ar na bacáin maidir leis an *Straitéis Cothroime Idirghlúine*, go dtabharfar aird ar leith freisin ar riachtanais agus leasanna na glúine is sine, go háirithe maidir le gníomhachtú eacnamaíoch agus sóisialta daoine scothaosta, agus machnamh a dhéanamh ar thionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith dírithe ar Eorpaigh scothaosta, lena gcumasófar a rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar agus lena gcothófar a ndlúthpháirtíocht agus a ngníomhaíocht mhéadaithe.

49. Tacú le cistiú leordhóthanach ón Aontas faoi chuimsiú na n-acmhainní airgeadais CAI atá ann cheana chun a chur ar chumas daoine scothaosta scileanna a fhorbairt lena ligfear dóibh iad féin a oiriúnú do mhargaí fostaíochta nua-aimseartha agus d'athruithe teicneolaíochta, chun ionaid oibre atá fabhrach agus inrochtana do dhaoine scothaosta agus lucht saothair aoischuimsitheach a chothú agus tionscnaimh á gcur chun feidhme ag an am céanna chun go mbeidh siad in ann rannchuidiú leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí.

50. Leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach dhlí ábhartha an Aontais agus tacú leis agus tuilleadh oibre a dhéanamh maidir le reachtaíocht i gcoinne an idirdhealaithe a fheabhsú, lena n-áirítear i ndáil le hidirdhealú in aghaidh daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas.

Tagairtí

Reachtaíocht an Aontais

Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle

Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE

Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí

Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle

Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha

Cinneadh (AE) 2024/3134 ón gComhairle an 2 Nollaig 2024 maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát

An Chomhairle Eorpach

Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029, Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 27 Meitheamh 2024 (EUCO 15/24)

An Chomhairle

Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán 2022/C 476/01

Conclúidí ón gComhairle an 2 Nollaig 2024 maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: Acmhainneacht saothair neamhshaothraithe a shlógadh san Aontas Eorpach (16556/24)

Conclúidí ón gComhairle an 2 Nollaig 2024 maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus comhionannas inscne a áirithiú do gach glúin i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach (16065/24)

Conclúidí ón gComhairle an 20 Meitheamh 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean (11398/24)

Conclúidí ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir leis na dúshláin i leith na hinbhuanaitheachta fioscaí a eascraíonn as an aosú (9160/24)

Conclúidí ón gComhairle an 12 Márta 2021 maidir leis an Aosú a Phríomhshruthú i mBeartais Phoiblí (6976/21)

Conclúidí ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Cearta an Duine, Rannpháirtíocht agus Dea-bhail Daoine Scothaosta i Ré an Digitithe (11717/2/20 REV 2)

An Coimisiún Eorpach

Treochlár um Chearta na mBan (tagairt an Choimisiúin: COM(2025) 97 final)

Aontas na Scileanna (tagairt an Choimisiúin: COM (2025) 90 final)

Ganntanais saothair agus scileanna san Aontas Eorpach: plean gníomhaíochta (tagairt an Choimisiúin: COM(2024) 131 final)

An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta (tagairt an Choimisiúin: COM(2023)577 final)

Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa (tagairt an Choimisiúin: COM(2023) 32 final)

An Straitéis Eorpach um Chúram (tagairt an Choimisiúin: COM(2022) 440 final)

Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027

Sábháilteacht agus sláinte ceirde i saol oibre atá ag athrú (tagairt an Choimisiúin: COM(2021) 323 final)

Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (tagairt an Choimisiúin: COM(2021) 102 final)

Aontas an Chomhionannais - Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 (tagairt an Choimisiúin: COM(2021) 101 final)

*The Green Paper on Ageing 'Fostering solidarity and responsibility between generations'* [Páipéar Uaine maidir le haosú: 'Dlúthpháirtíocht agus Freagracht a Chothú idir na Glúine'] (tagairt an Choimisiúin: COM (2021) 50 final)

Litir mhisin ó Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh chuig Glenn Micaleff, an Coimisinéir um Chothroime Idirghlúine, um an Óige agus um Chultúr agus Spórt, an Bhruiséil, an 1 Nollaig 2024

Parlaimint na hEorpa

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Iúil 2021 maidir le mór-roinn aosta atá ag dul in aois – deiseanna agus dúshláin a bhaineann leis an mbeartas maidir le haosú tar éis 2020 (2022/C 99/13)

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2017 maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (2018/C 242/05)

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2011 dar teideal *Towards adequate, sustainable and safe European pension systems* [I dtreo córas pinsean Eorpach atá leordhóthanach, inbhuanaithe agus slán] (2012/C 188 E/03)

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Tuairim ó CESE: Daoine scothaosta i saol na fostaíochta – na tosca sistéamacha a chuirtear san áireamh nuair is é is rogha le duine fanacht tamall eile i saol na hoibre (SOC/817 EESC 2024), an 26 Feabhra 2025

Tuairim ó CESE: An dlúthpháirtíocht idir na glúnta a chur chun cinn san Eoraip – i dtreo cur chuige cothrománach AE (IO C, C/2024/6869), an 28 Samhain 2024

Tuairim ó CESE: Tionchar na Déimeagrafaíochta ar an Eoraip Shóisialta, SOC 796, an 18 Meán Fómhair 2024

Tuairim ó CESE: Straitéis Eorpach i leith Daoine Scothaosta (2023/C 349/06), an 12 Iúil 2023

Tuairim ó CESE: Páipéar bán - Clár oibre do phinsin atá leordhóthanach, slán agus inbhuanaithe

i)(2012/C 299/21), an 12 Iúil 2012

Na Náisiúin Aontaithe

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, arna ghlacadh an 13 Nollaig 2006
Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015 dar teideal *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [I mBun Athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe], (A/RES/70/1)
Rún 1 ó na Náisiúin Aontaithe: Dearbhú Polaitiúil agus Plean Gníomhaíochta Idirnáisiúnta Mhaidrid maidir le hAosú, 2002, (A/CONF.197/9)
Moladh ó EIS maidir le hOibrithe Scothaosta, 1980 (Uimh. 162), an Ghinéiv, an 66ú seisiún de CIS (an 23 Meitheamh 1980)

Eile (tuarascálacha, páipéir oibre)

An Coimisiún Eorpach: an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, *The conclusion paper of the High-Level Group on Non-Discrimination, Equality and Diversity: Age equality and non-discrimination on the grounds of age* [An páipéar deiridh ón nGrúpa Ardleibhéil um Neamh-Idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht: Comhionannas aoise agus neamh-idirdhealú ar bhonn aoise]. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais, *2025 Report on Gender Equality in the EU* [Tuarascáil 2025 maidir le Comhionannas Inscne san Aontas], an 7 Márta 2025, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

An Coimisiún Eorpach: an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (CCS), *The 2024 Pension Adequacy Report - Current and future income adequacy in old age in the EU* [Tuarascáil 2024 ar leordhóthanacht pinsean – Leordhóthanacht ioncaim sa tseanaois san Aontas faoi láthair agus amach anseo]. Imleabhar I, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

An Coimisiún Eorpach: an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (CCS), *SPC Annual Report 2024: Review of the Social Protection Performance Monitor (SPPM) and developments in social protection policies - Key social challenges and key messages* [Tuarascáil Bhliantúil CCS 2024: Athbhreithniú ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta agus forbairtí i mbeartais cosanta sóisialta — Príomhdhúshláin shóisialta agus príomhtheachtaireachtaí]. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

An Coimisiún Eorpach: an Ardrúnaíocht, *The impact of demographic change in a changing environment* [Tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh i dtimpeallacht atá ag athrú]. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

*Population Structure and Ageing: Statistics Explained* [Struchtúr agus aosú an daonra: Míniú ar na staitisticí], Eurostat, Feabhra 2025, https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Population_structure_and_ageing

Eiffe, F.F. et al. (2024), *Keeping older workers engaged: Policies, practices and mechanisms*, [Oibrithe scothaosta a choimeád fostaithe: Beartais, cleachtais agus sásraí], Páipéar Oibre Eurofound WPEF24030, https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/2024-02/wpef24030.pdf

Mahoney, J. et al. (2024), 'Measuring social connectedness in OECD countries: A scoping review', OECD Papers on Well-being and Inequalities, Uimh. 28, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/f758bd20-en

Sylke, V. et al. (2024), 'Loneliness in Europe: Determinants, Risks and Interventions', *Population Economics*, Cham, Springer. ISSN 1431-6978, https://link.springer.com/book/10.1007/978-3-031-66582-0

‘Barometer 2023: Empowering older people in the labour market for sustainable and quality working lives’, AGE Platform, 2023, https://www.age-platform.eu/content/uploads/2023/11/AGE-Barometer-2023_vf_EN.pdf

‘Ageing with social rights - AGE Platform Europe’s contribution to the consultation on reinforcing social Eurpope’, AGE Platform, Samhain 2020, https://www.age-platform.eu/ageing-with-social-rights-age-contribution-to-the-consultation-on-social-europe/

‘International Encyclopedia of the Social & Behavioral Sciences’, an dara heagrán, 2015, https://www.sciencedirect.com/science/article/abs/pii/B9780080970868340417